



Bithéagsúlacht Oileán Árann

Tá na hOileáin Árann fíor speisialta de bharr an méid bláthanna agus bithéagsúlacht atá ann!!



Céard iad Pailneoirí?

Nuair a bhíonn a lán plandaí agat, faigheann tú a lán lán feithidí freisin. Tá feithidí ar nós beacha, bumbóga, féileacáin agus leamhain an-tábhachtach dúinn. Glaoitear **Pailneoirí** orthu mar go n-íompraíonn siad pailin ó phlanda go phlanda. Tá pailneoirí i mbaol ar fud an domhain. Itheann éineacha ar nós an meantán gorm feithidí, chomh maith le síolta agus cnónna - is mó cineál feithidí a bhfuil ann sé is mó speicis éineacha a bheidh ann.

PLANDAÍ

Fíric Spreoiúil #1: Faightear os cionn ½ de líon speicis iomlán na hÉirinn ar na hOileáin Árann!!

Tá sé seo dochreidte nuair nach bhfaightear cuid mhaith de na gnáthóga (ina maireann plandaí agus ainmí ar nós coillearnaí, portaigh, aibhneacha) ar na hoileáin in aon chorr.



NEANTÓGA



Fíric Spreoiúil #5: Tá neantóga an-tábhachtach do fhéileacáin, agus feithidí eile ar nós an bóin Dé san Earrach agus cuireann siad bia ar fáil d'éineacha san Fhómhar.

CAISEARBHÁIN

Fíric Spreoiúil # 6: Tagann an focal 'Dandelion' ón focal Fraincis 'Dent de Lion' nó fiacla an leoin. Tá bláth an caisearbháin déanta suas as na céadta bláthanna beaga.




LEAMHAIN

Fíric Spreoiúil #2: Tagann roinnt de na leamhain amach sa lá agus meascann daoine suas iad le féileacáin: bíonn aeróga ag féileacáin a mbíonn liathróid bheag ag an deireadh, cosúil le maide gailf. Bíonn aeróga éagsúl ag leamhain, breathnaíonn siad cosúil le maide, cleití nó cruthanna eile.

BIAPHLANDA

Fíric Spreoiúil #3: Glaoitear biaphlanda ar an bplanda ar a mhaireann féileacáin agus go h-iondúil bíonn a bhiaphlanda fhéin ag gach féileacáin.



FÉILEACÁIN

Fíric Spreoiúil #4: Tá an féileacáin 'An Gormán Beag' sách neamhchoitianta in Éirinn ach tá sé sách fairsing in Árann. Faightear Méara Muire, an biaphlanda a mhaireann an Gormán Bheag air i ngach áit ar thalamh féaraigh na noileán.



PLANDAÍ COITIANTA

Fíric Spreoiúil #7: Tá roinnt de na plandaí coitianta fíor-thábhachtach do phailneoirí mar go mbláthaíonn siad luath nó deireanach sa bhliain agus cuireann neictear ar fáil do na feithidí le n-ithe nuair nach bhfuil aon cheo eile faoi bhláth m.sh. caisearbháin agus eidhneán.

BUMBÓG ÁRANN

Fíric Spreoiúil #8: Tá bumbóg dá chuid fhéin ag na hOileáin 'Bumbóg Árann'



Feirmeoireacht le meas ar an dúlra:

Úsáideann na feirmeoirí ar na hoileáin modhanna an-chúramach a chosnaíonn na gnáthóga, agus bíonn siad ag feirmeoireacht don bithéagsúlacht chomh maith le feirmeoireacht do bheithigh breátha.

